**RABHADH**

**Ní mór duit an Páipéar Ceisteanna seo a chur ar ais le do leabha(i)r freagraí ag deireadh an Scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2003**

**DÉ CÉADAOIN, 18 MEITHEAMH 2003, MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 Marc)**

Freagair **sé** cheist as Roinn A agus **ceithre** cheist as Roinn B. Tabharfar creidiúint ar fhreagraí soiléire, gonta agus ar chur i láthair slachtmhar an ábhair.

## ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn as **naoi** gcinn de na ceisteanna gearra sna spásanna atá ar fáil chuige sin.

## ROINN B (300 marc)

**Ceithre** cheist le freagairt i do leabha(i)r freagraí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara na fo-ranna sna ceisteanna.


**CUIMHNIGH GO gCAITHFIDH TÚ AN PÁIPÉAR CEISTEANNA SEO A CHUR AR AIS LEIS AN/NA LEABHA(I)R FREAGRAÍ A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN B A FHREAGAIRT.**

# ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn as **naoi** gcinn de na ceisteanna gearra sna spásanna atá ar fáil chuige sin.

**1.** Breathnaigh ar chuar an éilimh a thaispeántar d'Earra "x".

**(i)** 'Feidhmíonn Earra "x" de réir chuar an éilimh'.
Mínigh an ráiteas seo go hachomair.




**(ii)** Bain úsáid as an léaráid chun an chainníocht d'Earra "x" a éileofar más é 20c an praghas díolacháin, a dheimhniú.

**Freagra:**

**(16 marc)**

**2.** Cuir fáinne timpeall ar an bhfocal ceart i gcás **gach ceann** de na roghanna atá folínithe thíos:

"Is é is barainneacht scála inmheánach ann ná toisc ar bith is cúis le ardú / ísliú ar chostas an aonaid de réir mar a mhéadaíonn / íslíonn an gnólacht / tionscal scála (nó méid) a chuid oibriúchán."

**(16 marc)**

**3.** **(i)** Cuir isteach na siombailí atá ar iarraidh sa chothromóid Ioncam Náisiúnta anseo thíos:

Y = ☐ + I +G + X - ☐

**(iii)** Scríobh amach **go hiomlán** an bhrí atá leis na siombailí anseo thíos:

I :

G :

**(16 marc)**

**4.** Má bhíonn mórán earraí ionaid cóngaracha ag earra, beidh laghdú suntasach ar an éileamh atá air má ardaíonn a phraghas.

**(i)** An bhfuil an t-éileamh ar a leithéid d'earra 'leaisteach' nó 'neamhleaisteach'?

**(ii)** Mínigh go hachomair cén fáth a dtitfidh an t-éileamh go suntasach sa chás seo.

**(16 marc)**

**5.** Mínigh an téarma **'earra comhlántach'** (nó comhlánú) maidir le gluaisteáin.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**(16 marc)**

**6.** Maidir leis na bacainní ar shaorthrádáil, meaitseáil an modh leis an míniú ceart.
*(Léirítear an chéad fhreagra mar shampla duit)*

| | **AINM** | | **MÍNIÚ** |
|---|---|---|---|
| A. | Bacainní riaracháin | 1. | Íocaíocht le honnmhaireoirí |
| B. | Trádbhac | 2. | Srian le cainníocht allmhairithe |
| C. | Cuóta | 3. | Rialacháin a bhaineann le hallmhairí |
| D. | Taraif | 4. | Cosc iomlán ar tháirge |
| E. | Fóirdheontas | 5. | Cáin ar allmhairithe |

| **AINM** → | **A** | **B** | **C** | **D** | **E** |
|---|---|---|---|---|---|
| **MÍNIÚ** → | **3** | | | | |

**(17 marc)**

**7.** Ainmnigh an t-eacnamaí atá luaite leis na smaointe eacnamaíochta atá liostaithe thíos:

**(i)** Teoiric dhaonra agus sholáthar bia ______________________________

**(ii)** Prionsabail an Chánachais ______________________________

**(iii)** An t-Éifeacht Iolraitheora ______________________________

**(17 marc)**

**8.** Más easnamh an toradh atá ar bhuiséad iomlán an rialtais, an méadóidh nó an laghdóidh sé seo an Fiachas Náisiúnta?

**Freagra:**

Mínigh do fhreagra go hachomair.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**(17 marc)**

**9.** Mínigh buntáiste eacnamaíoch **AMHÁIN** do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le méadú an Aontais Eorpaigh.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**(17 marc)**


***Cuimhnigh go gcaithfidh tú an páipéar ceisteanna seo a chur ar ais leis an/na leabha(i)r freagraí a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***

# ROINN B (300 marc)

**Ceithre** cheist le freagairt i do leabha(i)r freagraí.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc).
Tabhair faoi deara na fo-ranna sna ceisteanna.

**1.** Léiríonn an léaráid thíos cothromaíocht fhadtéarmach ghnólachta in **Iomaíocht Fhoirfe**.

.




**(a)** **(i)** Déan cóip den léaráid i do leabhar freagraí. Cuir lipéad soiléir ar **gach** líne atá uimhrithe ó (1) go (4).

**(ii)** Taispeáin ar do léaráid:

- an t-aschur a tháirgeoidh an gnólacht i gcothromaíocht (úsáid lipéad **Q)**
- meánchostas táirgeachta an aschuir seo (úsáid lipéad **C**)
- an praghas a ghearrfaidh sé ar an aschur seo (úsáid lipéad **P**)

*(25 marc)*

**(b)** Tá cuar meánchostais an ghnólachta "U"-chruthach ar an léaráid thuas.

**(i)** Mínigh fáth **AMHÁIN** a gclaonann an cuar seo anuas ar dtús.

**(ii)** Mínigh fáth **AMHÁIN** a gclaonann sé in airde ar deireadh.

*(20 marc)*

**(c)** In Iomaíocht Fhoirfe, meallann brabús osnormálta gnólachtaí nua isteach sa tionscal san fhadtéarma.

**(i)** Mínigh go hachomair an bhrí atá le 'brabús osnormálta'.

**(ii)** Luaigh buntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le leibhéil arda brabúis i dtionscal do **gach** ceann díobh seo a leanas:


- an rialtas
- na fostaithe sa tionscal atá i gceist.

*(30 marc)*


**[75 marc]**

**2.** **(a)** Léiríonn na trí léaráid thíos athruithe i soláthar cruithneachta:


**Léaráid 1**




**Léaráid 2**




**Léaráid 3**




Cuireann gach ceann de na tarlúintí seo a leanas faoi deara ceann amháin de na hathruithe a thaispeántar thuas:

**(i)** titeann costas shíol cruithneachta go suntasach

**(ii)** téann oibrithe áirithe atá ag baint na cruithneachta ar stailc

**(iii)** ardaíonn praghas díolachán na cruithneachta.

Luaigh cé acu léaráid a léiríonn gach ceann de na trí tharlúintí atá liostaithe thuas, agus i **ngach** cás, mínigh <u>cén fáth</u> a ndéanann an soláthar freagairt sa chaoi a léirítear é ar an léaráid atá roghnaithe agat.

*(25 marc)*

**(b)** Íocann táirgeoir gránach <u>cíos</u> ar pháirc a úsáid. Íocann an táirgeoir <u>pá</u> gach seachtain freisin leis na h-oibrithe. Ar na costais eile aige tá an <u>bille ar shíol</u>, agus <u>aisíocaíocht iasachta</u> in aghaidh na míosa ar sholáthar airgid chun innealra a cheannach.

**(i)** Sainmhínigh costais sheasta <u>agus</u> costais athraitheacha.

**(ii)** I gcás **gach ceann** de na ceithre íocaíocht atá folínithe thuas, luaigh más samplaí iad de chostais sheasta nó de chostais athraitheacha.

*(30 marc)*

**(c)** Tá soláthar mórán earraí talmhaíochta laghdaithe in Éirinn le blianta beaga de bharr na drochaimsire.

Luaigh agus mínigh an chaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag an tarlú seo ar **gach** ceann díobh seo a leanas:

**(i)** praghas díolacháin na n-earraí seo.

**(ii)** Comhardú Trádála na hÉireann.

*(20 marc)*

**[75 marc]**

**3.** **(a)** **(i)** Sainmhínigh an téarma 'lucht saothair'.

**(ii)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis a n-íoctar rátaí éagsúla pá ar jabanna éagsúla.

*(25 marc)*

**(b)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis go dtarlódh sé go laghdódh gnólacht líon na n-oibrithe a fhostaítear faoi láthair.

*(20 marc)*

**(c)** I gcás **gach ceann** de na ráitis atá liostaithe thíos, luaigh an bhfuil tionchar acu ar *shoghluaisteacht gheografach lucht oibre* **NÓ** *ar sho-aistritheacht gairme lucht oibre*, agus inis cén fáth.

- Ardaíonn an praghas tithíochta go mór i réigiúin thionsclaíocha.
- Ní mór ardchaighdeán oideachas foirmeálta do mhórán de na poist atá ar fáil .
- Scaoileann an rialtas na srianta ar inimirce isteach as tír.

*(30 marc)*

**[75 marc]**

**4.** **(a)** **(i)** Mínigh an téarma 'Easnamh i gComhardú na Trádála'.

**(ii)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** bheart a d'fhéadfadh rialtas a dhéanamh chun easnamh i gComhardú na Trádála a laghdú.

*(25 marc)*

**(b)** Úsáidtear na hargóintí seo a leanas uaireanta mar thacaíocht le bacainní saorthrádála a bheith ann:

**(i)** is gá jabanna sa gheilleagar baile a chosaint.

**(ii)** tá buntáiste éagórach ag earraí as geilleagair 'íseal-phá'.

**(iii)** gan srianta, d'fhéadfadh tíortha eile 'dumpáil' a dhéanamh.

Mínigh go hachomair, an bhrí atá le **DHÁ CHEANN** ar bith de na hargóintí atá liostaithe thuas.

*(20 marc)*

**(c)** Luaigh agus mínigh an chaoi a mbeadh tionchar ag **gach ceann** de na tarlúintí seo a leanas ar onnmhairithe as tíortha an euro-zóin:

**(i)** titeann luach an dollair Mheiriceánaigh in aghaidh an *euro*.

**(ii)** titeann an meán-ráta boilscithe i dtíortha an euro-zóin faoi bhun an ráta boilscithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá

**(iii)** cuirtear tús le téarnamh eacnamaíoch i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

*(30 marc)*

**[75 marc]**

**5.** **(a)** Sainmhínigh **TRÍ CINN AR BITH** díobh seo a leanas:

- Caiteachas Caipitil an Rialtais
- Barrachas Reatha Buiséid
- Fiachas Náisiúnta
- Cáin Indíreach.

*(20 marc)*

**(b)** Luaigh agus mínigh bealach **AMHÁIN** a bhféadfadh an rialtas **beartas fioscach** a úsáid chun **gach ceann** de na cuspóirí atá liostaithe thíos a bhaint amach:

- Fostaíocht a chruthú
- Boilsciú a rialú
- Breis infheistíocht eachtrach in Éirinn a chothú.

*(25 marc)*

**(c)** Ar na cánacha rialtais atá ann, tá:

**ÍMAT (PAYE)** **CBL (VAT)** **CÁIN CHORPARÁIDE**

**(i)** Luaigh an mhír ar a leagtar **gach ceann** de na cánacha thuas.

**(ii)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** éifeacht eacnamaíochta atá ag ardú ar rátaí CBL ar gheilleagar na hÉireann.

*(30 marc)*

**[75 marc]**

**6.** **(a)** "Nuair a tharlaíonn boilsciú i ngeilleagar, titeann caighdeáin mhaireachtála tomhaltóirí". Mínigh an ráiteas seo go hachomair.

*(15 marc)*

**(b)** **(i)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis atá le boilsciú i ngeilleagar.

**(ii)** Luaigh agus mínigh an chaoi a mbíonn tionchar ag boilsciú ar **DHÁ CHEANN AR BITH** díobh seo a leanas:

- Leibhéal an choigiltis.
- Leibhéal na n-allmhairithe.
- Leibhéal caiteachais an rialtais.

*(30 marc)*

**(c)** Mhol an tAire Sláinte agus Páistí le déanaí go mbainfí toitíní den CPI (Tomhas oifigiúil an bhoilscithe in Éirinn).

**(i)** Cad dó a seasann na litreacha CPI?

**(ii)** Mínigh go hachomair an t-éifeacht a bheadh ag an moladh thuas ar ráta boilscithe na hÉireann.

**(iii)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** bhealach a bhféadfadh an t-Aire caitheamh toitíní in Éirinn a mhaolú.

*(30 marc)*

**[75 marc]**

**7.** **(a)** Sa bhliain 2002 rinne an Phríomhoifig Staidrimh (CSO) áireamh ar dhaonra na hÉireann.

**(i)** Cad é an téarma oifigiúil a úsáidtear ar áireamh daonra?

**(ii)** Mínigh úsáid **AMHÁIN** a d'fhéadfaí a bhaint as eolas ar dhaonra i **ngach** cás díobh seo a leanas:

- An rialtas.
- Táirgeoirí earraí agus seirbhísí.

*(20 marc)*

**(b)** Measann an Phríomhoifig Staidrimh (CSO) go bhfuil daonra na hÉireann ag ardú le blianta beaga.

**(i)** Luaigh agus mínigh toisc **AMHÁIN** is cúis leis seo

**(ii)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** éifeacht eacnamaíocha ar gheilleagar na hÉireann a bhaineann le harduithe ar an daonra.

*(25 marc)*

**(c)** Baineann na figiúiri seo a leanas le dhá thír don bhliain 2002:

| TÍR | OTN(GNP) IOMLÁN | DAONRA |
|---|---|---|
| A | €10,000 m. | 2 m. |
| B | €24,000 m. | 6 m. |

**(i)** Déan an OTN (GNP) **per capita** (in aghaidh an duine) a ríomh do gach tír.

**(ii)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis a mbíonn difríocht ins an OTN per capita maidir le tíortha éagsúla.

*(30 marc)*

**[75 marc]**

**8.** **(a)** Mínigh **TRÍ CINN** ar bith díobh seo a leanas:

- Babhtáil
- Airgead Plaisteach
- Beartas Airgeadaíochta
- Díluacháil (maidir le hairgid reatha).

*(20 marc)*

**(b)** Luaigh agus mínigh **DHÁ** fheidhm atá ag **gach** ceann díobh seo a leanas:

- Banc Ceannais na hÉireann
- Bainc Thráchtála.

*(30 marc)*

**(c)** **(i)** Ainmnigh ballstáit **AMHÁIN** de chuid an Aontais Eorpaigh, seachas an Ríocht Aontaithe, nach n-úsáideann an *euro* mar airgead reatha aige féin.

**(ii)** Dá mbeartódh an Ríocht Aontaithe an *euro* a thabhairt isteach, luaigh agus mínigh **DHÁ** éifeacht eacnamaíochta a bheadh ag an dtarlúint seo ar gheilleagar na hÉireann.

*(25 marc)*

**[75 marc]**

***Cuimhnigh go gcaithfidh tú an páipéar ceisteanna seo a chur ar ais leis an/na leabha(i)r freagraí a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***